AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 16.12.2025
COM(2025) 1027 final

2025/0412 (NLE)

Togra le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Bauhaus Eorpach Nua

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is é is aidhm do Bauhaus Eorpach Nua tacú le haistriú na hEorpa i dtreo todhchaí níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe trí athrú dearfach inbhraite a thabhairt i gcrích ar an láthair. Tacaíonn Bauhaus Eorpach Nua leis an inbhuanaitheacht, leis an athléimneacht, leis an aeistéitic, leis an gcuimsitheacht, leis an inrochtaineacht agus leis an inacmhainneacht trí bhíthin cur chuige fianaisebhunaithe lena gcuirtear le hoidhreacht shaibhir chultúrtha agus éagsúlacht[1] na hEorpa, agus tionscail ghlana agus teicneolaíochtaí glana na todhchaí á neartú an tráth céanna. Mar a fógraíodh ina threoirlínte polaitiúla le haghaidh 2025 go 2029, déanfaidh an Coimisiún Bauhaus Eorpach Nua a fhorbairt a thuilleadh agus leathnóidh sé a phobal.

Tá tacaíocht á léiriú go leanúnach ag Parlaimint na hEorpa[2] agus ag Ballstáit an Aontais[3] do Bauhaus Eorpach Nua. Tá tuairimí dearfacha faoin tionscnamh eisithe ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4] agus ag Coiste na Réigiún[5] chomh maith. Tá díograis spreagtha ag Bauhaus Eorpach Nua i measc an phobail agus tá pobal láidir ann atá bunaithe ar bhallraíocht beagnach 2 000 eagraíocht áitiúil agus idirnáisiúnta, idir eagraíochtaí neamhbhrabúis agus eintitis chultúrtha, údaráis phoiblí agus ghnólachtaí, agus is pobal é a shroicheann na milliúin daoine.

Tá an togra seo le haghaidh Moladh ón gComhairle, chomh maith le Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Bauhaus Eorpach Nua, ag gabháil leis an bPlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne, in éineacht leis an Straitéis Eorpach um Thógáil Tithíochta agus athbhreithniú ar na rialacha maidir leis an Státchabhair i ndáil le Seirbhísí lena ngabhann Leas Eacnamaíoch Ginearálta.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Nascann Bauhaus Eorpach Nua an t-aistriú i dtreo fuinneamh glan agus an t-iomaíochas inbhuanaithe lenár spásanna maireachtála agus lenár n-eispéiris agus rannchuidíonn sé le roinnt tionscnamh a bhaint amach amhail an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, clár oibre an Gheilleagair Chiorclaigh, an Straitéis maidir le hAthléimneacht i réimse an Uisce, an Comhshocrú Eorpach um an Aigéan, agus Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais[6]. Ina

---

1 Tá tuilleadh eolais faoi luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua le fáil i gCompás Bauhaus Eorpach Nua.

2 Féach Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Meán Fómhair 2022 maidir leis an Bauhaus Eorpach Nua, 2021/2255(INI)). Ina theannta sin, tá Parlaimint na hEorpa ag tacú leis an tionscnamh le réamhbheart (‘Ardán Bainistithe Eolais Bauhaus Eorpach Nua’) agus le treoirthionscadal (‘Tionscadail Phobail Áitiúla agus Réigiúnacha Bauhaus Eorpach Nua a Spreagadh’).

3 Conclúidí ón gComhairle i leith an cultúr, an ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta a bheith ina bpríomhghnéithe de thionscnamh Bauhaus Eorpach Nua, 14534/21.

4 Féach https://www.eesc.europa.eu/ga/our-work/opinions-information-reports/opinions/new-european-bauhaus.

5 Féach https://web.cor.europa.eu/ea/News/Pages/CoR-members-adopt-McCarthy's-opinion-on-the-New-European-Bauhaus.aspx.

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Creat straitéiseach le haghaidh bithgheilleagar iomaíoch inbhuanaithe de chuid an Aontais (COM/2025/960)

theannta sin, rannchuidíonn sé le cur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe agus le creat straitéiseach an Aontais don chultúr (Compás Cultúir don Aontas Eorpach), agus comhlánaíonn sé an Clár Oibre do Chathracha, an Creat Comhtháite Eorpach maidir le hAthléimneacht in aghaidh an Athraithe Aeráide agus Aontas na Scileanna agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Trí bhíthin a chur chuige ón mbun aníos, cur chuige atá trasdisciplíneach nuálach amach is amach, **rannchuidíonn Bauhaus Eorpach Nua le roinnt tosaíochtaí de chuid an Choimisiúin**.

Tacaíonn Bauhaus Eorpach Nua le **geilleagar inbhuanaithe iomaíoch** tríd **an dícharbónú a spreagadh sa timpeallacht thógtha**, trí **dhlús a chur leis an aistriú i dtreo fuinneamh níos glaine agus níos saoire** agus trí **dhearadh ciorclach agus samhlacha athléimneacha a chur chun cinn in earnálacha eacnamaíocha éagsúla. Chomh maith leis sin, cothaíonn sé nuálaíocht agus forbairt le haghaidh an aistrithe i dtreo fuinneamh glan** agus spreagann sé cleachtais inbhuanaithe **ar fud an domhain,** mar shampla, le haghaidh **iarrachtaí atógála na hÚcráine**. Neartaíonn sé **samhail shóisialta na hEorpa** trí aghaidh a thabhairt ar inacmhainneacht tithíochta agus trí fheabhas a chur ar ár g**cáilíocht saoil**, mar shampla, agus cuidíonn sé le hoidhreacht chultúrtha na hEorpa a chosaint. Trí thús áite a thabhairt do dhaoine agus páirtithe leasmhara agus iad a chur i gcroílár an athraithe trí bhíthin rannpháirtíochta agus comhchruthú, cuireann Bauhaus Eorpach Nua cultúr cruthaitheachta, cuimsitheachta agus idirphlé chun cinn a neartaíonn, ar deireadh, **muinín na ndaoine i bpróisis dhaonlathacha** agus i **luachanna Eorpacha**, agus a áirithíonn go bhfuil na torthaí a bhaintear amach ag freastal ar riachtanais agus ar éilimh na sochaí agus na bpáirtithe leasmhara.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra le haghaidh Moladh ón gComhairle bunaithe ar Airteagal 292 CFAE, lena gcumhachtaítear an Chomhairle moltaí a ghlacadh tar éis togra ón gCoimisiún. Cé go bhfuil tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua féin bunaithe ar thrí luach dhoscartha - an inbhuanaitheacht, an chuimsitheacht agus an aeistéitic - tá an Moladh seo dírithe ar an aistriú i dtreo fuinneamh glan.

Le hAirteagal 192 CFAE cuirtear an creat reachtach ar fáil chun cuspóirí comhshaoil a bhaint amach, agus tá sé ailínithe freisin le rún Bauhaus Eorpach Nua an Comhaontú Glas don Eoraip agus an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan a thabhairt níos gaire don phobal. An bhéim ar an inbhuanaitheacht, tá sí le feiceáil ar fud an Mholta, agus dírítear ar chleachtais tógála inbhuanaithe, ar an éifeachtúlacht fuinnimh agus ar bhainistiú acmhainní. Léirítear leis na gnéithe sin na spriocanna comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 191 CFAE, lena dtacaítear le cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú agus a fheabhsú.

Cé go rannchuidíonn Bauhaus Eorpach Nua le cuspóirí éagsúla de chuid an Aontais, lena n-áirítear an cuimsiú sóisialta agus an oidhreacht chultúrtha, mar a leagtar amach in Airteagal 3 CAE, tá bunús dlí comhleanúnach faoin mbéim láidir atá ar an inbhuanaitheacht laistigh de na gnéithe uile atá sa Mholadh seo, mar atá, an bunús dlí faoi Airteagal 192 CFAE. Leis an

mbéim sin ar an inbhuanaitheacht, éascaítear comhtháthú luachanna Bauhaus Eorpach Nua sa bheartas comhshaoil, trí threoraíocht neamhcheangailteach a chur ar fáil chun na prionsabail sin a leabú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, agus ar an gcaoi sin, cuirtear spriocanna uileghabhálacha comhshaoil an Aontais chun cinn ar bhealach cuimsitheach lena gcuirtear cáilíocht thaithí na saoránach san áireamh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra seo i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar síos in Airteagal 5(3) de CAE agus urramaítear inniúlacht na mBallstát leis. Na dúshláin a dtugann Bauhaus Eorpach Nua aghaidh orthu (an chiorclaíocht, an inbhuanaitheacht agus an nuálaíocht don timpeallacht thógtha; saoránaigh a chumhachtú trí phróisis rannpháirtíochta chun comharsanachtaí daonlathacha, cuimsitheacha, inrochtana agus athléimneacha a neartú; agus leas a bhaint as cumhacht chlaochlaitheach an oideachais, na n-ealaíon agus an chultúir chun borradh a chur faoin gcruthaitheacht agus faoin nuálaíocht), is dúshláin uile-Aontais agus idirnasctha iad.

Braitheann baint amach na gcuspóirí sin ar chumasóirí trasteorann: rannpháirtíocht uile-Eorpach Phobal Bauhaus Eorpach Nua agus an phobail; comhordú agus rialachas il-leibhéil chun gníomhaíocht náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a ailíniú agus piarfhoghlaim, rochtain ar chistiú agus ar infheistíochtaí a chumasú, lena n-áirítear foinsí an Aontais, foinsí náisiúnta agus foinsí príobháideacha a chomhcheangal, chomh maith le bonn comhroinnte eolais agus fianaise chun tionchar a thomhas agus chun dea-chleachtais a uas-scálú.

Dá bhrí sin, tá moladh ar leibhéal an Aontais níos éifeachtaí ná gníomhaíocht náisiúnta aonair toisc go n-éascaíonn sé an comhordú, an crostoirchiú agus an comhleanúnachas beartais maidir le gníomhaíochtaí a bhrú chun cinn ar fud na mBallstát, agus lánurraim á tabhairt don choimhdeacht agus do chomhthéacsanna náisiúnta, agus tairbhe á baint an tráth céanna as tacaíocht ar leibhéal an Aontais, as deiseanna cistiúcháin agus as an bpiarfhoghlaim. Cumasaíonn an tionscnamh sin comhordú agus treoraíocht neamhcheangailteach maidir le dlús a chur le príomhshruthú Bauhaus Eorpach Nua i mbeartais agus in ionstraimí cistiúcháin, sa phiarfhoghlaim, sa mhacasamhlú agus san infheistíocht. Dá bhrí sin, cuidíonn sé leis na Ballstáit na cuspóirí a bhaint amach ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtúla agus a n-inniúlachtaí agus ról na n-údarás réigiúnach agus áitiúil á n-urramú go hiomlán an tráth céanna. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, braitheann Bauhaus Eorpach Nua ar na Ballstáit cuir chuige a chur in oiriúint dá gcórais rialachais agus dá réaltachtaí críochacha, agus a áirithiú go gcomhlánaíonn tacaíocht ar leibhéal an Aontais roghanna náisiúnta, agus go neartaíonn sí cur i gcrích éifeachtach ar an láthair.

Tá comhordú agus rialachas il-leibhéil thionscnamh Bauhaus Eorpach Nua dírithe ar Phointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua arna mbunú ag na Ballstáit, a mholann comhordú feabhsaithe ar fud leibhéal agus earnálacha rialachais, mar aon le treoraíocht chomhordaithe ón Aontas chun cuidiú le dea-chleachtais a chomhroinnt agus chun tacú le cur chun feidhme Bauhaus Eorpach Nua ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil.

- **Comhréireacht**

Tá an togra seo i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 5(4) de CAE. Ní théann ábhar ná foirm an Mholta bheartaithe seo ón gComhairle thar a bhfuil gá leis chun a chuspóirí a bhaint amach. Leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe, urramaítear cleachtais na mBallstát agus éagsúlacht na gcóras ar fud an Aontais. Aon ghealltanas ó na Ballstáit, is de chineál deonach é agus tá de shaoirse ag gach Ballstát cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige a ghlacfaidh sé chun é a chur chun feidhme.

- **An rogha ionstraime**

Is é Moladh ón gComhairle (Airteagal 292 CFAE) an ionstraim iomchuí don Chomhairle chun gealltanais dheonacha a iarraidh, agus inniúlachtaí náisiúnta agus áitiúla sa timpeallacht thógtha á n-urramú agus creat comhleanúnach ar leibhéal an Aontais á sholáthar an tráth céanna. Bheadh ionstraimí níos saintreoraí díréireach le hais na spriocanna maidir le comhordú agus éascú agus bheadh an baol ann go gcuirfí srian ar chomhthéacsanna éagsúla náisiúnta agus áitiúla. Glactar an togra seo le haghaidh Moladh ón gComhairle in éineacht le Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Bauhaus Eorpach Nua, lena leagtar amach an comhthéacs don Mholadh agus ról na mBallstát i rialachas Bauhaus Eorpach Nua. Níor leor an Teachtaireacht amháin, áfach, chun an ról sonrach agus tábhachtach atá ag na Ballstáit i ngníomhaíochtaí Bauhaus Eorpach Nua amach anseo a chur in iúl chun fíorghníomhaíocht chlaochlaitheach ar an láthair a chumasú. Mar ionstraim dlí, cé nach bhfuil sé ceangailteach, léirítear le Moladh ón gComhairle gealltanas na mBallstát maidir leis na bearta atá san áireamh ann agus soláthraítear bonn láidir polaitiúil le haghaidh comhar sa réimse seo, agus inniúlacht na mBallstát á hurramú go hiomlán an tráth céanna.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Seoladh glao ar fhianaise an 19 Meán Fómhair 2025 chun aiseolas a bhailiú maidir le Teachtaireacht ón gCoimisiún agus maidir leis an togra seo le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Bauhaus Eorpach Nua. Cuireadh an glao ar fhianaise ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais ar an suíomh gréasáin ‘Cloisimis Uait’ chun teagmháil a dhéanamh le raon leathan páirtithe leasmhara agus fuarthas 88 n-aighneacht san iomlán ó 24 thír, agus 17 mBallstát den Aontas ina measc. Daoine aonair a chuir formhór na n-aighneachtaí isteach (21,5 %, saoránaigh den Aontas agus saoránaigh nach saoránaigh den Aontas iad araon), agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (17 %) agus údaráis phoiblí, institiúidí acadúla/taighde agus cuideachtaí (iad uile 12,5 %) ina dhiaidh sin.

Leagadh béim sna haighneachtaí ar an ngá le hacmhainneacht na rialtas áitiúil agus na mbardas áitiúil a neartú le creataí soiléire chun tacú le fothú acmhainneachta agus dearadh rannpháirtíochta. Cuireadh béim ar leith ar bhardais bheaga i gceantair thuaithe agus i réigiúin fhorimeallacha. Cuirtear i dtábhacht i roinnt aighneachtaí freisin go bhféadfaí feabhas a chur fós ar chumarsáid agus infheictheacht i ndáil le Bauhaus Eorpach Nua chun go mbeadh Bauhaus Eorpach Nua níos inrochtana agus níos intuigthe don phobal agus do na húdaráis áitiúla. D’iarr go leor freagróirí freisin go neartófaí an ghné chultúir agus oideachais trí thacú le healaíontóirí, dearthóirí agus na hearnálacha cruthaitheacha luachanna Bauhaus Eorpach Nua a chur in iúl agus a scaipeadh. Dheimhnigh formhór na bhfreagróirí gur cheart do Bauhaus Eorpach Nua tosaíocht a thabhairt do réitigh tithíochta inacmhainne atá tíosach ar fhuinneamh, athléimneach ó thaobh na haeráide de agus cuimsitheach go sóisialta, agus athchóiriú, síneadh ingearach agus athúsáid an stoic foirgneamh atá ann cheana á spreagadh an tráth céanna. Ba é an t-aiseolas a fuarthas arís agus arís eile critéir sláinte agus folláine a chomhtháthú sa dearadh agus sa bheartas uirbeach, amhail trí bhéim níos soiléire a leagan ar cháilíocht an aeir laistigh, ar an aeráil agus ar laghdú torainn. Cuireadh i dtábhacht in aighneachtaí iomadúla an gá atá le spásanna glasa uirbeacha agus le réitigh dhúlrabhunaithe a chomhtháthú i mbonneagar uirbeach, amhail foraoisí beaga agus díonta agus ballaí glasa. Thacaigh roinnt rannpháirtithe freisin, ón earnáil ghnó go háirithe, le hábhair thógála bhithbhunaithe, chiorclacha agus ísealcharbóin a chur chun cinn, amhail adhmad agus

gipseam. Ina theannta sin, d'iarr roinnt freagróirí ó eagraíochtaí sochaí sibhialta, chomh maith le húdaráis, go ndéanfaí luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a phríomhshruthú agus a leabú i mbeartais uirbeacha agus chomhshaoil an Aontais agus i mbeartais uirbeacha agus chomhshaoil náisiúnta. Ar deireadh, leag roinnt freagróirí ó údaráis phoiblí agus ó eagraíochtaí taighde béim ar an ngá le táscairí soiléire agus uirlisí meastóireachta chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht thionscadail Bauhaus Eorpach Nua.

Chomh maith leis an nglao ar fhianaise, reáchtáladh roinnt comhairliúcháin spriocdhírithe leis na grúpaí seo a leanas:

- grúpa saineolaithe de chuid an Choimisiúin le haghaidh Shaoráid Bauhaus Eorpach Nua (an 26 Meán Fómhair 2025);
- líonra na gCathracha Glasa (an 8 Deireadh Fómhair 2025);
- pobal Bauhaus Eorpach Nua (ceardlann ar líne, an 10 Deireadh Fómhair 2025);
- an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht;
- Ionadaithe de chuid na mBallstát, go háirithe iad seo a leanas: pointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua, Pointí Teagmhála Náisiúnta T&N Bauhaus Eorpach Nua de chuid Fís Eorpach, Coiste an Chláir Straitéisigh le haghaidh Fís Eorpach, na hataiséanna comhshaoil, chomh maith le húdaráis bhainistíochta atá freagrach as Bauhaus Eorpach Nua a chur chun feidhme sa bheartas comhtháthaithe (25 Deireadh Fómhair 2025, 5 Samhain 2025, agus trí sheisiún spriocdhírithe leantacha an 3–4 Samhain 2025).

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh measúnú tionchair, i bhfianaise an chur chuige chomhlántaigh i leith thionscnaimh na mBallstát, chineál deonach na ngníomhaíochtaí beartaithe agus raon feidhme na dtionchar a mheastar a bheidh ann. Forbairt an togra, ba é a bhí ina bunús léi rannpháirtíocht chomhsheasmhach le páirtithe leasmhara mar chuid de chur chuige rannpháirteach, comhairliúchán leis na Ballstáit, an comhairliúchán poiblí agus roinnt comhairliúcháin thiomnaithe leis na páirtithe leasmhara.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an Moladh beartaithe seo ón gComhairle urramaítear cearta bunúsacha an Aontais. Cuirtear chun cinn ann na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[7], go háirithe cosaint an chomhshaoil, an neamh-idirdhealú, lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas, an t-oideachas agus an dea-riarachán.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Cé nach mbeidh gá le hacmhainní breise ó bhuiséad an Aontais le haghaidh an tionscnaimh seo, déanfaidh na bearta sa mholadh seo foinsí cistithe a shlógadh ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach.

[7] Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, (IO C 202, 7.6.2016, lgh. 389–405)

5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar béim sa togra seo ar ról lárnach na mBallstát maidir le rannchuidiú le tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá sé oibriú i dtreo comharsanachtaí agus pobail níos inbhuanaithe, níos cuimsithí agus níos áille. Mar shampla, trí chleachtais tógála chiorclacha atá neamhdhíobhálach don aeráid a chur chun cinn, is féidir leis na Ballstáit tionchar na bhfoirgneamh ar an gcomhshaol a laghdú go mór, agus iad ag teacht le spriocanna dícharbónaithe ar fud an Aontais. Trí réitigh faoi stiúir an phobail agus próisis rannpháirtíochta a spreagadh, cuirtear feabhas ar an daonlathas áitiúil agus cumhachtaítear na saoránaigh, rud a neartaíonn an comhtháthú sóisialta agus an mhuinín as institiúidí daonlathacha.

Tá cumhacht chlaochlaitheach an oideachais, na n-ealaíon agus an chultúir ríthábhachtach chun an nuálaíocht agus an inbhuanaitheacht a spreagadh. Trí luachanna Bauhaus Eorpach Nua a chomhtháthú i dtionscnaimh chultúrtha agus i gcórais oideachais, is féidir leis na Ballstáit cultúr ailtireachta agus deartha ardcháilíochta a chothú, a rachaidh i bhfeidhm ar phobail áitiúla agus a shaibhreoidh a dtimpeallachtaí maireachtála.

Ach scileanna atá ábhartha maidir le Bauhaus Eorpach Nua a fheabhsú trí chláir oideachais agus oiliúna spriocdhírithe, tugtar an saineolas is gá do dhaoine aonair chun cleachtais inbhuanaithe a chur chun feidhme go héifeachtach agus timpeallachtaí cuimsitheacha a fhorbairt atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus do sheanóirí. Tá ról ríthábhachtach ag na Ballstáit maidir le tacú le forbairt na scileanna sin, lena n-áirithítear go mbeidh an lucht saothair ullamh don todhchaí.

Trí fheasacht a mhúscailt agus Pobal Bauhaus Eorpach Nua a leathnú, cothaítear rannpháirtíocht agus comhar méadaithe, agus tairbhe á baint as peirspictíochtaí éagsúla chun nuáil a dhéanamh agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha. Moltar do na Ballstáit leas a bhaint as acmhainneacht chleachtóirí Bauhaus Eorpach Nua a bhfuil taithí acu chun tionscadail nua a spreagadh agus chun tionchar an tionscnaimh a leathnú.

Tá sé ríthábhachtach rochtain ar chistiú agus ar infheistíochtaí a éascú chun tionscadail Bauhaus Eorpach Nua a mhéadú. Trí na deiseanna cistiúcháin atá ann cheana a bharrfheabhsú, cuirtear ar a gcumas do thionscadail atá ailínithe le Bauhaus Eorpach Nua feabhsuithe inbhraite agus claochlaitheacha a bhaint amach i gcomharsanachtaí agus i bpobail áitiúla.

Comhroinnt eolais agus macasamhlú tionscadal rathúil Bauhaus Eorpach Nua, cuireann an méid sin ar a gcumas do na Ballstáit dlús a chur leis an aistriú i dtreo comharsanachtaí inbhuanaithe trí threoirphleananna agus dea-chleachtais chruthaithe a ghlacadh. Áirithítear leis an gcur chuige comhoibríoch sin foghlaim agus oiriúnú leanúnach ar fud réigiúin éagsúla.

Ar deireadh, le rialachas il-leibhéil éifeachtach, a bhfuil ról lárnach aige do Phointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua, áirithítear gníomhaíocht chomhordaithe ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Trí ghlacadh le rialachas trasearnála agus comhar idirnáisiúnta, is féidir leis na Ballstáit tionchar Bauhaus Eorpach Nua a uasmhéadú, rud a chuirfidh le fís inbhuanaithe den todhchaí, fís a bheidh níos dearfaí ar an iomlán.

2025/0412 (NLE)

Togra le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Bauhaus Eorpach Nua

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 292 agus192 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Bauhaus Eorpach Nua an t-aistriú i dtreo fuinneamh glan agus an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan a chur chun feidhme trí thionscadail inbhraite lena bhfeabhsófar an saol laethúil trí réitigh lena gcomhcheanglófar an inbhuanaitheacht leis an dea-dhearadh, leis an gcuimsitheacht, leis an inrochtaineacht agus leis an inacmhainneacht, lena bhfeabhsófar an nuálaíocht in éiceachórais thionsclaíocha chun an t-iomaíochas a scaoileadh, agus áiteanna éagsúla, oidhreacht chultúrtha agus éagsúlacht chultúrtha na hEorpa á n-urramú agus á gcur chun cinn. Trí phróisis chomhchruthaithe a chothú le pobail áitiúla, le páirtithe leasmhara agus le gnólachtaí, cuirtear chun cinn leis an tionscnamh réitigh atá saincheaptha do riachtanais na sochaí agus a dtacaíonn bonn leathan saoránach leo agus ar féidir iad a mhacasamhlú agus a uas-scálú i gcomhthéacsanna comhchosúla ar fud an Aontais.

(2) In 2021, ghlac an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht[8] ina gcuirtear i láthair coincheap agus cuspóirí Bauhaus Eorpach Nua, atá á threorú ag trí luach dhoscartha (an inbhuanaitheacht, an chuimsitheacht, agus an aeistéitic) agus trí phrionsabal (an rannpháirtíocht il-leibhéil, cur chuige rannpháirteach, agus an trasdisciplíneacht).

(3) Tá tacaíocht á léiriú go leanúnach ag Parlaimint na hEorpa[9] agus ag Ballstáit an Aontais[10] do Bauhaus Eorpach Nua. Tá tuairimí dearfacha faoin tionscnamh eisithe ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[11] agus ag Coiste na Réigiún[12] chomh maith.

---

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, Chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Chuig Coiste na Réigiún Bauhaus Eorpach Nua, COM(2021) 573.

9 Féach Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Meán Fómhair 2022 maidir leis an Bauhaus Eorpach Nua, 2021/2255(INI)). Ina theannta sin, tá Parlaimint na hEorpa ag tacú leis an tionscnamh le réamhbheart (‘Ardán Bainistithe Eolais Bauhaus Eorpach Nua’) agus le treoirthionscadal (‘Tionscadail Phobail Áitiúla agus Réigiúnacha Bauhaus Eorpach Nua a Spreagadh’).

10 Féach Conclúidí ón gComhairle i leith an cultúr, an ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta a bheith ina bpríomhghnéithe de thionscnamh Bauhaus Eorpach Nua, 14534/21.

11 Féach https://www.eesc.europa.eu/ga/our-work/opinions-information-reports/opinions/new-european-bauhaus.

12 Féach https://web.cor.europa.eu/ea/News/Pages/CoR-members-adopt-McCarthy's-opinion-on-the-New-European-Bauhaus.aspx.

(4) Le himeacht 5 bliana, tá pobal láidir tógtha ag Bauhaus Eorpach Nua, atá bunaithe ar bhallraíocht[13] ina bhfuil beagnach 2 000 eagraíocht áitiúil agus idirnáisiúnta, idir eagraíochtaí neamhbhrabúis agus eintitis chultúrtha, údaráis phoiblí agus ghnólachtaí. Tá tacaíocht faighte cheana féin ag breis agus 700 tionscadal. Faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021–2027, cuireadh EUR 1,4 billiún i leataobh le haghaidh Bauhaus Eorpach Nua. Eascraíonn an chuid is mó den chistiú ón mbeartas comhtháthaithe (os cionn EUR 840 milliún) agus ó Fís Eorpach (os cionn EUR 530 milliún). Le cláir eile de chuid an Aontais (LIFE, Clár an Mhargaidh Aonair, an Eoraip Dhigiteach agus COSME) ranníoctar thart ar EUR 26 mhilliún.

(5) Sna treoirlínte polaitiúla don Choimisiún Eorpach 2024–2029[14], tá Bauhaus Eorpach Nua mar chuid de chuspóir foriomlán an Choimisiúin ‘Tacú le daoine, ár sochaithe agus ár samhail shóisialta a neartú’, agus é mar aidhm aige an inbhuanaitheacht a thabhairt in éineacht leis an gcuimsiú agus an inacmhainneacht, agus an cruthaitheacht in éineacht leis an nuálaíocht. Dá méadófaí Pobal Bauhaus Eorpach Nua, d’fhéadfaí an sprioc sin a chur chun cinn agus a áirithiú go bhféadfadh páirtithe leasmhara ábhartha rannchuidiú go héifeachtach.

(6) Is féidir le luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua cuidiú le haistriú na hEorpa i dtreo todhchaí níos iomaíche agus níos inbhuanaithe. Trí luachanna Bauhaus Eorpach Nua a leabú i straitéisí náisiúnta agus áitiúla atá ann cheana atá dírithe ar an timpeallacht thógtha, is féidir leis na Ballstáit an t-aistriú i dtreo fuinneamh glan agus an t-aistriú digiteach a iompú ina ndeiseanna inbhraite do shaoránaigh agus do ghnólachtaí ar fud na hEorpa. Tríd an nuálaíocht, an barr feabhais tionsclaíoch agus scileanna a neartú, is féidir le Bauhaus Eorpach Nua cuidiú le slabhraí luacha athléimneacha agus poist ardcháilíochta a chruthú ar fud na hEorpa, lena n-áiritheofar go dtreiseofar iomaíochas domhanda na hEorpa leis an aistriú i dtreo fuinneamh glan. Mar sin féin, is mór idir Ballstáit an Aontais ó thaobh an chomhtháthaithe agus an phríomhshruthaithe sin de faoi láthair, rud a fhágann nach bhfuil deiseanna cothroma ann le haghaidh páirtithe leasmhara agus údarás, go háirithe ar an leibhéal áitiúil. Is féidir leis na Ballstáit cur le dea-chleachtais atá ann cheana maidir leis an rialachas il-leibhéil agus trasearnála. Is gá luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a phríomhshruthú sna beartais agus ionstraimí cistiúcháin ábhartha uile ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun tacú le hathghiniúint chlaochlaitheach comharsanachtaí agus chun a gcreatlach shóisialta a neartú, agus chun na luachanna agus na prionsabail sin a chur chun cinn ar mhaithe leis an timpeallacht thógtha agus na hearnálacha ábhartha.

(7) Tá réimse uirlisí ar fáil do na Ballstáit chun luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua, is é sin, luachanna agus prionsabail lena gcuirtear timpeallacht thógtha inbhuanaithe, chuimsitheach, inrochtana agus inacmhainne chun cinn, a leabú ina bPleananna Náisiúnta Athchóirithe Foirgneamh, ina bPleananna Críochacha um Aistriú Cóir, ina bPleananna Aeráide Sóisialta agus i bpleananna agus straitéisí náisiúnta eile nó i bpleananna agus straitéisí eile de chuid an Aontais[15]. D’fhéadfaí iad sin a úsáid chun tacú le príomhshruthú agus comhtháthú chuspóirí Bauhaus Eorpach Nua, trí bhíthin cur chuige comhtháite, agus chun sineirgí a chur chun cinn idir spriocanna éagsúla amhail an éifeachtúlacht fuinnimh agus an dícharbónú, an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, an athléimneacht

13 Féach an Pobal mar chroílár Bauhaus Eorpach Nua - Bauhaus Eorpach Nua

14 Féach Tosaíochtaí 2024–2029 - An Coimisiún Eorpach

15 Amhail Conarthaí Cathracha Aeráide (Misean na gCathrach), Pleananna Gníomhaíochta um Inbhuanaitheacht Fuinnimh agus um an Aeráid (PGIFAnna) (Cúnant na Méaraí), Pleananna Téimh agus Fuaraithe Áitiúla (Treoir (AE) 2023/1791).

uisce, an inacmhainneacht, an inbhuanaitheacht agus an inrochtaineacht, go háirithe i gcomhthéacs athghiniúint na comharsanachta.

(8) Is mór an deis atá ann úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní sa timpeallacht thógtha. Faoi láthair, tá gá le méideanna móra fuinnimh agus acmhainní mianracha chun foirgnimh a thógáil, a úsáid agus a athchóiriú, méideanna arb é atá iontu 42 % den tomhaltas fuinnimh iomlán, 35 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa, 50 % den eastóscadh ábhar ar fad, agus 35 % de ghiniúint dramhaíola iomlán an Aontais[16]. Cuireann na gníomhaíochtaí sin freisin le tomhaltas uisce, agus le truailliú aeir, uisce agus ithreach, truailliú torainn, úsáid talún, séalú ithreach agus sraoilleáil uirbeach.

(9) Chun a sprioc aeráidneodrachta le haghaidh 2050 a bhaint amach, ghlac an tAontas roinnt gníomhartha dlí chun lorg comhshaoil agus aeráide foirgneamh ar feadh a saolré a laghdú. Comhlánaítear iad sin le tionscnaimh bheartais neamhreachtacha éagsúla, ó mhodheolaíochtaí agus uirlisí ríofa go conairí, pleananna, straitéisí agus cistiú tionscail, lena n-áirítear tionscnaimh maidir le 'Tacú le cuir chuige saolré chun foirgnimh Eorpacha a dhícharbónú', atá le foilsiú ag an gCoimisiún i mí Eanáir 2026, creat comhchoiteann na gcroítháscairí inbhuanaitheachta le haghaidh foirgnimh oifige agus chónaithe[17], nó rialacha maidir le caiteachas bhuiséad an Aontais a ailíniú le critéir 'gan dochar suntasach a dhéanamh'[18]. Cuidíonn siad sin agus Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais[19] le bacainní ar iontráil sa mhargadh a shárú agus tacaíonn siad le cruthú margaí tosaigh le haghaidh ábhair thógála ísealcharbóin, chiorclacha, ghlana agus bhithbhunaithe agus teicneolaíochtaí glana, rud a thacaíonn le samhlacha gnó inbhuanaithe, éiceachórais thionsclaíocha inbhuanaithe athléimneacha, poist agus cruthú luacha san Aontas.

(10) Cuireann tionscadail Bauhaus Eorpach Nua feabhas ar bhuntáiste iomaíoch agus nuálach na dtionscal tógála, uisce agus bithgheilleagair trí theicneolaíochtaí a fhréamhshamhaltú agus a uas-scálú ó thaobh dearadh ciorclach dícharbónaithe agus dearadh atá dearfach ó thaobh an dúlra de, trí mhodhanna tógála a bharrfheabhsú, trí aghaidh a thabhairt ar chaighdeáin agus trí chostais a laghdú chun margaí a chruthú d'ábhair nuálacha, agus ar an gcaoi sin, tacaíonn siad le fás atá tíosach ar acmhainní, costéifeachtach agus nuálach, agus úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha teoranta á háirithiú an tráth céanna.

(11) Trí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as an timpeallacht thógtha - foirgnimh, tírdhreacha uirbeacha, spásanna poiblí, spásanna glasa - tacófar leis an stoc foirgneamh atá ann cheana a chur in oiriúint do riachtanais daoine ó thaobh spáis agus inrochtaineachta de, agus teorainneacha pláinéadacha á n-urramú an tráth céanna. Ach tosaíocht a thabhairt d'úsáid éifeachtúil an spáis thógtha trí athriochtú[20] de rogha ar scartáil agus tógáil nua, chomh maith le cleachtais shóisialta nua, cuirfear féidearthachtaí ar fáil chun lorg comhshaoil

---

16 Féach an tuarascáil ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil '*Addressing the environmental and climate footprint of buildings*' [Aghaidh a thabhairt ar lorg comhshaoil agus aeráide foirgneamh], 2024.

17 Féach Leibhéal/Leibhéil.

18 Féach treoraíocht theicniúil maidir le 'gan dochar suntasach a dhéanamh' don Chiste Aeráide Sóisialta - an Coimisiún Eorpach. agus cuimsítear i Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht agus ina ghníomhartha tarmligthe forálacha arb é is aidhm dóibh lorg comhshaoil foirgneamh a laghdú.

19 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Creat straitéiseach le haghaidh bithgheilleagar iomaíoch inbhuanaithe de chuid an Aontais (COM/2025/960)

20 Áirítear le 'hathriochtú' athruithe ar an bplean spáis nó athruithe feidhme go húsáid nua, ar athruithe iad nach gcumhdaítear go hiondúil le hathchóiriú, i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar síos leis an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN).

agus aeráide an stoic foirgneamh a laghdú[21] agus tithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe a chur ar fáil do chách, agus ar an gcaoi sin, cuirfear moill ar an tsraoilleáil uirbeach agus ar shéalú ithreach, agus déanfar comhtháthú sóisialta agus glacadh sóisialta a chothú, agus an oidhreacht chultúrtha á cosaint an tráth céanna.

(12) Is iad pobail áitiúla is mó atá thíos le tionchair dhiúltacha na nguaiseacha aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil, amhail minicíocht agus déine mhéadaithe tonnta teasa, tuilte, falscaithe nó creathanna talún, a bhíonn níos measa mar gheall ar an idirghníomhaíocht le tosca eile amhail droch-cháilíocht aeir, uisce agus ithreach nó séalú ithreach. Idir 2011 agus 2021, tháinig méadú os cionn 935 000 duine ar an líon daoine san Eoraip a bhí ina gcónaí i limistéir a d'fhéadfadh a bheith i mbaol tuilte aibhneacha[22]. Sa tréimhse 2017–2019, bhí 119 000 duine ar an meán in aghaidh na bliana i dtíortha LEE agus sa Ríocht Aontaithe ina gcónaí i limistéir a measadh a bheith dóite ag falscaithe[23]. Chun tacú le hathléimneacht áitiúil agus le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, d'fhéadfaí caighdeáin maidir le hoiriúnú foirgneamh don athrú aeráide[24] agus maidir le cosc tuilte agus falscaithe, limistéir ghlasa agus athchóiriú éiceachórais uirbigh a chomhtháthú in uirlisí rialála agus airgeadais agus san oiliúint agus oideachas gaolmhar[25].

(13) Tá bonneagair ghlasa ghorma ríthábhachtach le haghaidh an oiriúnaithe don athrú aeráide, na bithéagsúlachta agus na sláinte poiblí. Is féidir tacú le hath-leithdháileadh agus athdhearadh spáis phoiblí uirbigh i gcomhréir le luachanna Bauhaus Eorpach Nua trí bhíthin coincheapa comhtháite soghluaisteachta uirbí (e.g. pleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (PSUInna)) lena gcumasaítear na claochluithe sin, agus inrochtaineacht ar phoist, ar sheirbhísí agus ar áiseanna á coinneáil ar bun an tráth céanna. In ionad sráideanna agus spásanna poiblí a bheith ina lánaí iompair amháin, is féidir idirghníomhaíocht shóisialta, folláine agus gníomhú ar son na haeráide a chumasú iontu.

(14) Cuimsítear i mbeartais an Aontais bearta agus uirlisí sonracha chun grúpaí faoi mhíbhuntáiste a chosaint, go háirithe maidir le bochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta, truailliú aeir, rochtain ar uisce óil glan agus sláintíocht. Cuireann tionscadail Bauhaus Eorpach Nua le cothroime chomhshaoil agus aeráide agus, an tráth céanna, neartaíonn siad an cuimsiú sóisialta, an cothroime idirghlúine, an comhionannas inscne agus cosc na coireachta, lena n-áirítear an foréigean inscnebhunaithe.

(15) Is prionsabal bunaidh de chuid Bauhaus Eorpach Nua í an rannpháirtíocht. Is samplaí maithe iad a thionscadail, a chistiú, a uirlisí digiteacha agus a fhothú acmhainneachta de bheartais agus cleachtais maidir leis an rannpháirtíocht agus an daonlathas áitiúil a chur chun cinn, a dhreasú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, go háirithe a mhéid a bhaineann le dearadh spásúil agus uirbeach agus claochlú comharsanachtaí.

(16) Is deis thábhachtach do phobail agus d'fhorbróirí tionscadail araon í an rannpháirtíocht i bpróisis forbartha uirbí. Le fíor-rannpháirtíocht na saoránach, lena n-áirítear iad siúd atá bocht ó thaobh an fhuinnimh de nó atá faoi mhíbhuntáiste ar bhealach eile, i ndearadh agus i rialachas tionscadal, cothaítear muinín, caomhnaítear cuntasacht dhaonlathach, agus neartaítear an creatlach shóisialta. Leis an rannpháirtíocht sin, trí thionóil saoránach agus ceardlanna comhdheartha, déantar tionscadail a dhaingniú i réaltachtaí áitiúla agus cuirtear

---

21 Ar bhonn staidéar ón gCoimisiún: Oifigí a thiontú ina dtithíocht inacmhainne, Leordhóthanacht san earnáil thógtha agus úsáid níos éifeachtúla a bhaint as an stoc foirgneamh (torthaí lár 2027).

22 Féach an tuarascáil ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil maidir le Comhshaol na hEorpa, 2025

23 *Ibidem*

24 Féach treoraíocht theicniúil ar leibhéal an Aontais maidir le foirgnimh a chur in oiriúint don athrú aeráide

25 Féach an Lámhleabhar maidir le straitéisí glasúcháin agus pleananna dúlra uirbeacha (2025).

cosc ar chur i gcéill, rud a chothaíonn sochaithe athléimneacha agus cuimsitheacha. I gcás forbróirí tionscadail, d'fhéadfadh próisis cheadaithe bhrostaithe, cur chun feidhme tionscadail níos rianúla agus, ar deireadh, glacadh an phobail agus rioscaí níos ísle a bheith mar thoradh ar an tacaíocht ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara.

(17) Trí leas a bhaint as uirlisí digiteacha amhail Bosca Uirlisí um Leathchúplaí Digiteacha Áitiúla an Aontais, ardsamhlacha intleachta saorga (IS) le haghaidh atógála, logleabhair foirgnimh dhigiteacha agus iniúchtaí réamhscartála digiteacha, éiríonn rannpháirtíocht an phobail sa chinnteoireacht agus i bhforbairt beartais níos trédhearcaí, níos éifeachtúla agus níos freagrúla. Trí chumais oibríochtúla na n-údarás a neartú trí na hacmhainní agus na hardáin atá ann cheana, amhail deiseanna foghlama idir piaraí agus tacaíocht theicniúil, áirithítear treoraíocht agus tacaíocht éifeachtach maidir le luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a chur chun feidhme, rud a dhéanann réitigh faoi stiúir an phobail a chothú agus athléimneacht na sochaí a fheabhsú.

(18) Is mhór-shaincheist don tionscal tógála í an easpa scileanna in earnáil na tógála, go háirithe maidir leis an tógáil chiorclach agus inbhuanaithe. In 2022, sheol an Coimisiún Acadamh Bauhaus Eorpach Nua maidir le scileanna ar mhaithe le tógáil inbhuanaithe chun rannchuidiú le hiarracht níos leithne chun dlús a chur le huas-sciliú agus athsciliú oibrithe in éiceachóras na tógála agus chun tacú lena aistriú i dtreo fuinneamh glan. Déanfaidh an Coimisiún Acadamh Bauhaus Eorpach Nua a uas-scálú agus é a fhorbairt ina bhonneagar lárnach do Bauhaus Eorpach Nua le haghaidh eolais agus taighde, turgnamhaíocht agus nuálaíocht shábháilte, agus forbairt scileanna. Soláthróidh Acadamh Bauhaus Eorpach Nua nasc dinimiciúil freisin chun a áirithiú go gcuirfear an t-eolas uile a tháirgtear faoi T&N Shaoráid Bauhaus Eorpach Nua i dtreo gníomhaíochtaí scilithe, fothú acmhainneachta agus nuálaíocht fheidhmeach. Le hAcadamh Bauhaus Eorpach Nua forbrófar Luasaire Infheistíochta Bauhaus Eorpach Nua chun leithdháileadh cistiúcháin phríobháidigh agus chumaiscthe ar thionscadail nuálacha Bauhaus Eorpach Nua a mhealladh agus a éascú.

(19) Aithnítear i nDearbhú Davos '*Towards a high-quality Baukultur for Europe*' [I dtreo *Baukultur* ardcháilíochta don Eoraip] gnéithe cultúrtha an chaomhnaithe, na pleanála agus na tógála agus bunaíodh ann *Baukultur* ardcháilíochta (cultúr ailtireachta) mar thosaíocht pholaitiúil. Sna Conclúidí ón gComhairle i leith an cultúr, an ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta a bheith ina bpríomhghnéithe de thionscnamh Bauhaus Eorpach Nua, a glacadh an 29–30 Samhain 2021, iarradh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún cur chuige rannpháirteach faoi stiúir an chultúir, arb é an dea-cháilíocht is bonn leis, a chur chun cinn i leith na timpeallachta tógtha agus caighdeáin ardcháilíochta a chur i bhfeidhm maidir leis an bpleanáil, an dearadh, an tógáil, an caomhnú, an t-athbhunú, an t-athchóiriú agus na próisis athúsáide oiriúnaitheacha.

(20) Léirítear le tionscadail Bauhaus Eorpach Nua gur féidir comhar i dtreo athrú ó bhonn a spreagadh ach ealaíontóirí a leabú i dtimpeallachtaí teicneolaíocha agus eolaíocha, agus gur comhar é sin as a dtiocfaidh nuálaíocht agus aschuir choincréiteacha. Aithnítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Compás Cultúir don Aontas Eorpach a glacadh an 12 Samhain 2025 a thábhachtaí atá sé cultúr comhroinnte ailtireachta agus deartha a chur chun cinn agus infheistíocht a dhéanamh i dtimpeallacht mhaireachtála ardcháilíochta do chách trí thionscnaimh amhail Bauhaus Eorpach Nua. Cé go bhfuil ról na n-ealaíontóirí agus na ngairmithe cultúrtha mar ghníomhaithe ar son an athraithe agus mar nuálaithe ríthábhachtach chun luachanna Bauhaus Eorpach Nua a aistriú agus a chur chun feidhme ar an láthair, ní leor fós a slógadh agus a rochtain ar chistiú, go háirithe do ghníomhaithe beaga, chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht a bhfíseanna agus a gcuir chuige chruthaitheacha. Is dúshlán é freisin deireadh a chur le smaointeoireacht neamh-

chomhtháite i measc earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus idir an ealaín, an eolaíocht agus an teicneolaíocht, agus ní mór aghaidh a thabhairt air sin fós trí dheiseanna comhair níos trasdisciplíní a chruthú agus trí thacú leo.

(21) Ó 2025 ar aghaidh, tá a ionstraim chistiúcháin féin ag Bauhaus Eorpach Nua atá fréamhaithe sa chlár Fís Eorpach, Saoráid Bauhaus Eorpach Nua, atá ceaptha chun tionchar agus trédhearcacht a mhéadú agus rochtain a shimpliú d'iarratasóirí. Feidhmeoidh Saoráid Bauhaus Eorpach Nua go dtí 2027 agus soláthrófar leis tacaíocht airgeadais agus creat straitéiseach chun cuspóirí Bauhaus Eorpach Nua a bhaint amach. Leagtar amach i dTreochlár Shaoráid Bauhaus Eorpach Nua na gníomhaíochtaí agus na treoracha straitéiseacha atá beartaithe idir 2025 agus 2027[26]. Bronntar buiséad bliantúil de thart ar EUR 120 milliún ón gclár Fís Eorpach ar chomhpháirt Taighde agus Nuálaíochta. Le comhpháirt chomhlántach rolladh amach, lena ndíreofar ar chur in úsáid agus ar chúnamh teicniúil, meastar go ndéanfar leibhéal infheistíochta comhchosúil a ghiaráil, agus gheobhaidh sí tacaíocht ó chláir eile de chuid an Aontais, mar aon le tacaíocht ó na Ballstáit agus ó fhoinsí príobháideacha. Tá na Ballstáit ag glacadh le luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua cheana féin ina gcláir chistiúcháin ar bhealaí éagsúla, rud a léiríonn a gcomhthéacsanna ar leith, a n-oidhreacht agus a spiorad pobail. Tá Bauhaus Eorpach Nua curtha san áireamh ag na Ballstáit uile i gceann amháin ar a laghad dá gcláir beartais comhtháthaithe le haghaidh 2021–2027. Tá sé ríthábhachtach cistiú inbhuanaithe a áirithiú do Bauhaus Eorpach Nua san fhadtéarma, go háirithe i gcomhthéacs an aistrithe chuig an gcéad CAI eile.

(22) Ní mór do thionscadail chlaochlaitheacha cistiú príobháideach a mhealladh freisin. In 2024, forbraíodh Treoirlínte Infheistíochta Bauhaus Eorpach Nua chun cabhrú le hinfheisteoirí a dtionscadail a ailíniú le luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua chun timpeallacht thógtha na hEorpa a athrú ó bhonn. Forbraíodh na Treoirlínte trí dhlúthchomhar idir an Coimisiún Eorpach agus Comhchúnamh chun Tacú le Tionscadail i Réigiúin na hEorpa. Le tacaíocht ó threoirthionscadal de chuid Pharlaimint na hEorpa[27], agus chun cur leis an taithí ó thionscnaimh amhail Seirbhísí Luasghéaraithe Gnó na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE) - margadh CNE agus an tArdán um Thorthaí Fís Eorpach - seolfaidh an Coimisiún Mol Comhairleach, a bheidh ina ardán idirghníomhach chun meaitseáil a éascú idir tionscadail bheaga atá ag lorg rochtain ar mhaoiniú, agus infheisteoirí sa gheilleagar sóisialta, eagraíochtaí daonchairdis, agus infheisteoirí príobháideacha agus poiblí eile. Tá Tacsanomaíocht AE[28] ina chuidiú le hinfheisteoirí freisin, tionscadail tógála agus athchóirithe atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shainaithint.

(23) Is é Compás Bauhaus Eorpach Nua[29] an creat treorach maidir le conas luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a chur i bhfeidhm sa chleachtas. Bunaíodh Mol Bauhaus Eorpach Nua le haghaidh Torthaí agus Tionchair[30] chun na ceachtanna a

---

26 Sonraítear sa Treochlár an buiséad, an rialachas agus na príomhbhearta agus soláthraítear treoraíocht leis trí achoimre a thabhairt ar an gcaoi a ndéanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara Bauhaus Eorpach Nua, Saoráid Bauhaus Eorpach Nua a chur chun feidhme.

27 'Tionscadail Phobail Áitiúla agus Réigiúnacha Bauhaus Eorpach Nua a Spreagadh'

28 Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lgh. 13–43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

29 Féach https://new-european-bauhaus.europa.eu/tools-and-resources/use-compass_ga

30 Arna chur chun feidhme tríd an topaic 'HORIZON-MISS-2024-Bauhaus Eorpach Nua-01-03: Mol Bauhaus Eorpach Nua a bhunú le haghaidh torthaí agus tionchair' agus an ghníomhaíocht leantach 'Mol Bauhaus

foghlaimíodh a bhailiú, a anailísiú agus a achoimriú, chomh maith le huirlisí agus eolas arna nginiúint ag Bauhaus Eorpach Nua. Forbraíodh modh féinmheasúnúcháin Bauhaus Eorpach Nua[31] d'fhorbróirí tionscadail agus do chinnteoirí chun a bhféinmheasúnú ar fheidhmíocht an tionscadail i dtéarmaí luachanna Bauhaus Eorpach Nua a éascú. Bunóidh an Coimisiún príomhtháscairí feidhmíochta freisin chun tionchar claochlaitheach thionscadail Bauhaus Eorpach Nua a thomhas agus forbróidh sé Lipéad Bauhaus Eorpach Nua chun infheictheacht a mhéadú do thionscadail Bauhaus Eorpach Nua, chun tacú leis na Ballstáit tionscadail agus cleachtais Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn agus chun comhtháthú margaidh a éascú trí chreat caighdeánaithe agus critéir chaighdeánaithe a sholáthar ar fud na mBallstát. Dá mbainfeadh na Ballstáit úsáid chomhleanúnach as na huirlisí sin, laghdófaí ilroinnt agus chuirfí comhsheasmhacht chun cinn maidir le cur chun feidhme, chuirfí feabhas ar an iomaíochas laistigh den mhargadh inmheánach agus scaipfí réitigh inscálaithe agus inmhacasamhlaithe ar fud na hEorpa trí inspioráid trastíre agus trí chomhroinnt dea-chleachtas.

(24) In éineacht le Pobal Bauhaus Eorpach Nua, tá struchtúir thacaíochta forbartha ag an gCoimisiún Eorpach lena gcothaítear an rannpháirtíocht agus an comhar. Is éard atá i gCaibidlí Áitiúla Bauhaus Eorpach Nua grúpaí féineagraithe áitbhunaithe de chomhaltaí Phobal Bauhaus Eorpach Nua a rannchuidíonn le seachadadh Bauhaus Eorpach Nua i dtimpeallachtaí áitiúla. Is éard atá i Saotharlanna Bauhaus Eorpach Nua 'meithleacha machnaigh agus déan' den tionscnamh, arna mbunú ag comhaltaí an Chomhphobail chun na huirlisí agus na réitigh a chomhchruthú, a fhréamhshamhaltú agus a thástáil. Tá Saotharlanna nua á gcruthú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tosaíochta, agus bunófar Saotharlann Bauhaus Eorpach Nua maidir le tithíocht inacmhainne chun dea-chleachtais a bhailiú maidir le modhanna nuálacha amhail tógálacha lasmuigh den láthair nó monarú suimitheach, dlúthú agus réitigh tithíochta do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, nó oiriúnuithe inrochtaineachta nuálacha. Bunóidh an Coimisiún Eorpach Comhghuaillíocht Tithíochta Eorpach mar mhol don chomhar, don fhoghlaim fhrithpháirteach agus do mhalartú dea-chleachtas, rud a thabharfar le chéile gach leibhéal rialtais. Cothóidh an Chomhghuaillíocht sin sineirgí le cleachtóirí Bauhaus Eorpach Nua agus le comhaltaí Phobal Bauhaus Eorpach Nua, lena n-áirítear Saotharlann Bauhaus Eorpach Nua maidir leis an Tithíocht.

(25) Tá comhordú agus rialachas il-leibhéil Bauhaus Eorpach Nua ag forbairt in éineacht leis an tionscnamh féin. In 2021, bhunaigh na Ballstáit Pointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua, chun Bauhaus Eorpach Nua a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus chun réimsí tras-ábhartha a chomhordú. Le cruthú Shaoráid Bauhaus Eorpach Nua, atá fréamhaithe in Fís Eorpach[32], bunaíodh Pointí Teagmhála Náisiúnta T&N Bauhaus Eorpach Nua freisin. Tá an dá líonra ríthábhachtach maidir le Saoráid Bauhaus Eorpach Nua a ullmhú agus a chur chun feidhme, agus tugann siad aghaidh i dteannta a chéile ar a comhpháirteanna T&N agus a comhpháirteanna rolladh amach araon. Bunaíodh líonra tiomnaithe freisin chun tacú le húdaráis bhainistíochta a chuireann

---

Eorpach Nua – Céim II: tionchar, bainistiú eolais agus faireachán ar thorthaí a chur chun cinn', an ceann deireanach i gClár Oibre 'príomha' Fís Eorpach 2026–2027, Iarscríbhinn 13 - Saoráid Bauhaus Eorpach Nua.

[31] Féach https://new-european-bauhaus.europa.eu/tools-and-resources/neb-self-assessment-method_ga

[32] Féach Iarscríbhinn 13 a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le maoiniú an Chláir Shonraigh lena gcuirtear Fís Eorpach chun feidhme agus maidir le glacadh an chláir oibre le haghaidh 2025–2027 ('Clár Oibre 2025') agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022)7550 maidir le glacadh an chláir oibre le haghaidh 2023–2024 faoi chuimsiú an Chláir Shonraigh lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus maidir lena mhaoiniú (C(2025) 2779);

Bauhaus Eorpach Nua chun feidhme sa bheartas comhtháthaithe[33]. Mar sin féin, ní mór tuilleadh comhordaithe agus sineirgí a fhorbairt idir na líonraí éagsúla, chun comhleanúnachas agus tionchar a áirithiú.

(26) Tá Bauhaus Eorpach Nua ag spreagadh tríú tíortha freisin, agus trí comhar méadaithe idirnáisiúnta, is féidir malartuithe eolais agus dea-chleachtas a chothú. Tá an Coimisiún agus Toscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha ag comhoibriú chun cur chuige Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn lasmuigh den Aontas Eorpach, go háirithe trí Mhoil Acadamh Bauhaus Eorpach Nua a bhunú lasmuigh den Aontas Eorpach. Thug Bauhaus Eorpach Nua tacaíocht go háirithe d'atógáil inbhuanaithe agus chuimsitheach na hÚcráine. Trí chláir de chuid an Aontais amhail LIFE, Fís Eorpach, agus Interreg, chumasaigh Bauhaus Eorpach Nua tionscadail amhail athchóiriú ciorclach foirgneamh *panelka* in Chernihiv, tionscnaimh maidir le húsáid inbhuanaithe talún faoi Interreg na Danóibe, agus athchóiriú uirbeach glas in Imchuach na Mara Duibhe. Tá nuálaíocht agus comhchruthú á gcothú le Saotharlanna agus Duaiseanna Bauhaus Eorpach Nua, lena n-áirítear Scoil na Todhchaí don Úcráin agus an tSaotharlann um Bonneagar Poiblí. Tá méadú ar an spéis atá á léiriú ag páirtithe leasmhara agus údaráis na hÚcráine i gcur chuige Bauhaus Eorpach Nua a ghlacadh dá dtionscnaimh atógála, agus ba cheart tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun tacú leo. Le tacaíocht bhreise ón gCoimisiún agus ó Bhallstáit an Aontais, bheidís in ann dlús a chur lena n-atógáil inbhuanaithe chuimsitheach, i gcomhar le pobail áitiúla.

(27) Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an dul chun cinn maidir le Bauhaus Eorpach Nua trí na cruinnithe rialta le hionadaithe na mBallstát, go háirithe Pointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit Bauhaus Eorpach Nua a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus d'fhógair sé gníomhaíochtaí tacaíochta agus tosaíochtaí amach anseo sa Teachtaireacht ón gCoimisiún a glacadh an 16 Nollaig 2025[34]. Le Bauhaus Eorpach Nua aistrítear na tosaíochtaí sin ina bhfeabhsuithe nithiúla sa saol laethúil, agus tacaítear le dearadh comharsanachta níos fearr, timpeallachtaí níos sláintiúla agus spásanna poiblí níos cuimsithí.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH

1. LUACHANNA AGUS PRIONSABAIL BAUHAUS EORPACH NUA A PHRÍOMHSHRUTHÚ

(a) Moltar do na Ballstáit, ar na leibhéil iomchuí inniúlachta agus i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, **luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a leabú ina mbeartais agus ina n-ionstraimí cistiúcháin ábhartha** atá nasctha le comharsanachtaí agus leis an timpeallacht thógtha i gcoitinne. Chun cur leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscadail, tionscnaimh agus struchtúir rialachais rathúla, moltar do na Ballstáit cur chuige straitéiseach a ghlacadh maidir le Bauhaus Eorpach Nua ar an leibhéal náisiúnta, áitiúil agus réigiúnach, lena sainaithnítear na

[33] Éascaíonn Pobal Peer2Peer (P2P) Bauhaus Eorpach Nua malartú dea-chleachtas agus eolais maidir le Bauhaus Eorpach Nua i measc Údaráis Bhainistíochta agus comhlachtaí ábhartha eile: https://futurium.ec.europa.eu/ga/regio-peer-2-peer-communities/new-european-bauhaus

[34] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, Chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Chuig Coiste na Réigiún maidir le Bauhaus Eorpach Nua: Ó fhís go cur chun feidhme (COM (2025)1026)

beartais agus na hionstraimí cistiúcháin ábhartha uile lenar féidir tacú le príomhshruthú Bauhaus Eorpach Nua ina mBallstáit, chomh maith leis na gníomhaithe agus na líonraí ábhartha ar cheart dóibh a bheith rannpháirteach;

(b) Ina theannta sin, moltar do na Ballstáit na huirlisí tacaíochta a sholáthraítear trí Acadamh Bauhaus Eorpach Nua, chomh maith le Lipéad Bauhaus Eorpach Nua, a úsáid agus a chur chun cinn chun claochlú inacmhainne, inbhuanaithe agus ardcháilíochta na timpeallachta tógtha agus earnálacha eile a chothú, d'fhonn comhchuibhiú méadaitheach modhanna, cleachtas agus cuir chuige nuálacha a chur chun cinn ar fud na hEorpa.

2. INBHUANAITHEACHT NA TIMPEALLACHTA TÓGTHA A FHEABHSÚ

Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Timpeallacht thógtha atá glan, ciorclach, aeráidneodrach agus athléimneach, tíosach ar fhuinneamh agus ar uisce a chur chun cinn agus, ar an gcaoi sin, tacú le tithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) Breithniú a dhéanamh ar **sholáthar poiblí** a úsáid chun athchóiriú agus tógáil foirgneamh atá inbhuanaithe, ciorclach agus cothrom ó thaobh na sochaí de **a chur chun cinn**;

(2) **Cur chuige carbóin ar feadh na saolré iomláine a chur i bhfeidhm maidir le tógáil agus athchóiriú foirgneamh**, de réir na treoraíochta atá le soláthar ag an gCoimisiún, agus tacú le bearta[35] chun astaíochtaí carbóin ar feadh na saolré iomláine ó earnáil na tógála a laghdú go héifeachtach trí chreat agus modheolaíocht chomhchuibhithe de chuid an Aontais[36];

(3) Ina bPleananna Náisiúnta Athchóirithe Foirgneamh agus ina straitéisí ábhartha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bhaineann le foirgnimh, tús áite a thabhairt **d'fheidhmíocht fuinnimh agus uisce, d'inacmhainneacht agus d'inbhuanaitheacht,** agus aghaidh á tabhairt go háirithe ar theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste.

(4) A chur chun cinn go ndéanfar foirgnimh nua, chomh maith leo siúd a bhfuil athchóiriú ollmhór á dhéanamh orthu, a dhearadh agus a ullmhú do **thomhas agus bainistiú cliste uisce agus leictreachais** chun coigilteas uisce a áirithiú[37] chomh maith le laghdú ar chostais oibríochtúla d'fhoirgnimh agus deiseanna luchtaithe d'fheithiclí leictreacha;

(5) Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh dreasachtaí **athléimneacht uisce agus éifeachtúlacht uisce** a chur chun cinn agus **úsáid chiorclach acmhainní** mhéadaithe a áirithiú ar fud na timpeallachta tógtha.

(b) Réitigh a fhorbairt chun leas a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe **tionscail bithgheilleagair iomaíoch agus inbhuanaithe,** lena dtacófar le hinghlacthacht agus glacadh margaidh agus le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh

---

35 Féach Aithris 11 le haghaidh sampla de na bearta sin.

36 Féach Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/xxxx ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275 maidir le creat an Aontais i ndáil le poitéinseal téimh dhomhanda ar feadh saolré foirgnimh a ríomh ar bhonn náisiúnta. C(2025) 8723 - PE/2025/8966

37 I gcomhréir leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le treoirphrionsabail 'tús áite don éifeachtúlacht uisce'.

cruthú post agus fáis, go háirithe don timpeallacht thógtha agus do theicstílí, mar a leagtar amach i Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais.

(1) Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann **margaí agus cánacha** dreasachtaí iomchuí ar fáil maidir le táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe chun tacú le haistriú iomchuí ó úsáid ábhar iontaise go húsáid ábhar ciorclach bithbhunaithe agus acmhainní glana;

(2) Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidtear **soláthar poiblí** chun deiseanna margaidh a chruthú chun tacú le tógálacha bithbhunaithe agus le teicneolaíochtaí agus acmhainní glana, agus ar cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear soláthar poiblí, i gcomhréir le hiarrachtaí leanúnacha an Aontais maidir le simpliú agus cuíchóiriú[38];

(3) **Bacainní rialála agus bacainní eile ar iontráil sa mhargadh** le haghaidh modhanna agus ábhair thógála nuálacha a shainaithint agus **aghaidh a thabhairt orthu**, modhanna agus ábhair amhail ábhair ísealcharbóin bhithbhunaithe, tógáil lasmuigh den láthair agus monarú suimitheach san earnáil tógála, agus an Coimisiún Eorpach a chur ar an eolas faoi ilroinnt an mhargaidh de bharr rialacha agus léirmhínithe náisiúnta éagsúla agus rialacha contrártha de chuid an Aontais trí Fhóram Eorpach um Rialtóirí agus Nuálaithe Bithgheilleagair agus tríd an bhFóram Tógála Ardleibhéil;

(c) Tús áite a thabhairt d'**úsáid éifeachtúil na timpeallachta tógtha** agus í a dhreasú i **gcinntí maidir le pleanáil spásúlachta agus forbairt**, d'fhonn tithíocht shóisialta agus inacmhainne a chur chun cinn, leithscaradh spásúil a chosc agus athbheochan comharsanachtaí a chur chun cinn, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i gceantair thuaithe, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) **Foirgnimh fholmha a mhapáil** agus a n-oiriúnacht do bhearta leordhóthanachta a mhapáil agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil do na húdaráis inniúla agus do ghníomhaithe na hearnála tógála; Claochlú **foirgneamh folamh** ina dtithíocht inacmhainne, inbhuanaithe agus ardcháilíochta a dhreasú, trí úsáid a bhaint as athchóirithe, síntí, athriochtú, athruithe úsáide, nó spásanna tógtha a chur in oiriúint do riachtanais athraitheacha teaghlach; an acmhainneacht tithíochta tearcúsáidte i gcomharsanachtaí tuaithe a fhiosrú trí bhearta chun a n-inrochtaineacht agus a nascacht a fhorbairt;

(2) **Nósanna imeachta ceadaithe** um chriosú agus tógáil a chuíchóiriú, a shimpliú agus dlús a chur leo, go háirithe chun foirgnimh a athchóiriú, síneadh ingearach a chur leo agus iad a athriochtú ar bhealach inbhuanaithe, rud a d'fhéadfadh an soláthar tithíochta a mhéadú;

(3) Forbairt **dea-chleachtas agus treoirphleananna Bauhaus Eorpach Nua** a éascú, amhail iad siúd a bhaineann le tithíocht athléimneach a fhorbróidh an Coimisiún trí Chatalóg dhigiteach;

(d) Luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn chun ullmhacht comharsanachtaí agus pobal i gcomhair géarchéimeanna agus athléimneacht comharsanachtaí agus pobal i leith rioscaí sláinte agus tubaistí nádúrtha arb é an

[38] I gcomhthéacs an athbhreithnithe leanúnaigh ar threoracha an Aontais maidir le soláthar poiblí, tá togra reachtach beartaithe le haghaidh lár 2026.

t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil is cúis leo a neartú, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) **Réitigh dhúlrabhunaithe, athchóiriú an dúlra agus athléimneacht uisce, cosc ar thubaistí agus ar ghéarchéimeanna agus ullmhacht dóibh**, go háirithe bearta maidir le falscaithe, uisce, rioscaí tuilte agus bainistiú clúdaigh chorónaigh uirbigh, chomh maith le bearta maidir le téarnamh inbhuanaithe na limistéar a ndearnadh difear dóibh, **a chomhtháthú** go córasach **i ndearadh spásúil**, mar aon lena gcur chun cinn trí fhothú acmhainneachta leis na húdaráis inniúla uile agus trí mhodúil oiliúna le haghaidh céimeanna agus gairmoiliúna ábhartha;

(2) **Measúnú ar dháileadh an spáis ghlais uirbigh** agus clúdaigh chorónaigh crann sna cathracha agus sna bailte éagsúla a chur chun cinn, agus féachaint an tráth céanna ar an gcaoi a ndéanfar, san fhorbairt atá beartaithe amach anseo, spás glas uirbeach a chomhtháthú go gníomhach i bhfoirgnimh agus i mbonneagar i gceantair agus i réigiúin éagsúla agus ar an gcaoi a mbeidh sé sin ina chuidiú le tionchair an athraithe aeráide a mhaolú.

(3) **Caibidlí Áitiúla Bauhaus Eorpach Nua** a chur chun cinn le h**údaráis áitiúla agus le gníomhaithe ábhartha chun** athléimneacht comharsanachtaí a neartú, feasacht pobal a mhéadú agus réitigh faoi stiúir an phobail a chomhdhearadh, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí **leas a bhaint as uirlisí digiteacha agus eolaíocha** – amhail anailís chásbhunaithe;

(4) Dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear árachóirí, d'fhonn **athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais atá bunaithe ar an bprionsabal 'atógáil mar a bhí'** chun dálaí athraitheacha aeráide a léiriú;

(5) Féachaint ar bhearta in uirlisí maoiniúcháin chun cuidiú le **tionchair dhiúltacha sláinte arb é an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil is cúis leo** a mhaolú, lena n-áirítear nochtadh teasa, truailliú aeir, torann, agus easpa rochtana ar limistéir ghlasa, agus aird ar leith á tabhairt ar nochtadh díréireach pobal íogair agus grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste.

(e) Úsáid réiteach digiteach don chiorclaíocht agus don éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn le haghaidh aistriú glan iomaíoch, go háirithe an méid seo a leanas:

(1) Cur chun feidhme uirlisí amhail an **Pas Táirge Digiteach**, Deimhnithe Feidhmíochta Fuinnimh, ceadanna tógála digiteacha, logleabhair foirgnimh dhigiteacha, iniúchtaí réamhscartála digiteacha agus réitigh dhigiteacha eile chun rianú saolré carbóin a chur chun cinn agus chun bonneagair agus uirlisí digiteacha comhroinnte a chothú lena dtacaítear le **cinnteoireacht shonraíbhunaithe maidir le pleanáil uirbeach chliste, leis an bhfuinneamh, leis an tsoghluaisteacht agus le bainistiú uisce**, i sineirgíocht leis an gClár Beartais don Deacáid Dhigiteach;

(2) **Prionsabail dhigiteacha trí dhearadh a chur chun cinn lena gcuimsítear an inrochtaineacht, an idir-inoibritheacht, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide atá tíosach ar fhuinneamh agus ar uisce sa phleanáil uirbeach**, agus tacú freisin le simpliú trí bhosca uirlisí digiteach lena ngabhann ceadú samhailbhunaithe, comhlíonadh 'riail mar chód', agus tuairisciú aonuaire.

3. AN RANNPHÁIRTÍOCHT, AN DAONLATHAS ÁITIÚIL AGUS UIRLISÍ COMHDHEARTHA DIGITEACHA A FHEABHSÚ I BHFORBAIRT INBHUANAITHE UIRBEACH AGUS COMHARSANACHTA

Moltar go ndéanfadh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) Cur le Mol Bauhaus Eorpach Nua le haghaidh torthaí agus tionchair[39] chun torthaí thionscadail Bauhaus Eorpach Nua a chomhtháthú de réir a chéile le **peirspictíochtaí úsáideoirí i ndearadh spásúil agus/nó i gclaochlú spásanna poiblí** agus chun tacú le **pobail atá feasach maidir le cúrsaí fuinnimh agus uisce, tionscnaimh athchóirithe agus comhroinnte fuinnimh ghlain faoi stiúir na saoránach**, agus iad a chur chun cinn, gníomhaithe áitiúla a chumhachtú agus réitigh chuimsitheacha faoi stiúir an phobail a chothú;

(b) Tionscadail Bauhaus Eorpach Nua agus cleachtais bheartais a chur chun cinn chun an daonlathas áitiúil, an cuimsiú agus an rannpháirtíocht sa phleanáil uirbeach agus san fhorbairt comharsanachta a fheabhsú, trí thacú le cuir chuige nuálacha maidir le rannpháirtíocht an phobail ar leibhéal na gcomharsanachtaí, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú leis an Sciath don Daonlathas a chur chun feidhme ar an láthair;

(c) Dul i gcomhairle le **daoine faoi mhíchumas agus le seanóirí** agus teagmháil a dhéanamh leo, chun tacú le maireachtáil neamhspleách agus cuimsiú sa phobal agus réitigh atá inrochtana trí dhearadh;

(d) Rannpháirtíocht fhóinteach **na mban** a chur chun cinn agus comhtháthú **cur chuige atá íogair ó thaobh inscne de** i leith dearadh agus forbairt spásanna poiblí agus comharsanachtaí a chur chun cinn, agus é mar aidhm timpeallachtaí cuimsitheacha sábháilte a bheith ann.

(e) Cumais oibríochtúla na n-údarás ábhartha a neartú chun treoraíocht agus tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil don fhoghlaim faoi luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua, conas uirlisí Bauhaus Eorpach Nua a úsáid, mar aon le treoraíocht maidir le hionstraimí cistiúcháin Bauhaus Eorpach Nua. Chuige sin, leas a bhaint as na deiseanna atá ann cheana a chuireann an Coimisiún Eorpach ar fáil, amhail iad seo a leanas:

(1) **Bosca Uirlisí um Leathchúplaí Digiteacha Áitiúla an Aontais Eorpaigh** agus réitigh maidir le **'Leathchúplaí Digiteacha Áitiúla don Atógáil';**

(2) an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil[40];

(3) an **Malartú Comhair Riaracháin Phoiblí (MCPR)**[41];

(4) deiseanna foghlama idir piaraí a chuirtear ar fáil leis na nithe seo a leanas:

- Beartas comhtháthaithe, go háirithe faoi **Phobal Bauhaus Eorpach Nua REGIO idir piaraí,** chun dea-chleachtais agus eolas maidir le Bauhaus Eorpach Nua a mhalartú i measc Údaráis Bhainistíochta agus

---

39 Arna chur chun feidhme tríd an topaic 'HORIZON-MISS-2024-NEB-01-03: Mol Bauhaus Eorpach Nua a bhunú le haghaidh torthaí agus tionchair' agus an ghníomhaíocht leantach 'Mol Bauhaus Eorpach Nua – Céim II: tionchar, bainistiú eolais agus faireachán ar thorthaí a chur chun cinn', an ceann deireanach i gClár Oibre 'príomha' Fís Eorpach 2026–2027, Iarscríbhinn 13 - Saoráid Bauhaus Eorpach Nua.

40 Féach Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil

41 Féach Ionstraim 2026 um Thacaíocht Theicniúil - MCRP - Malartú Comhair Riaracháin Phoiblí - Tacaíocht um Athchóiriú

comhlachtaí ábhartha eile agus tuilleadh infheistíochtaí in Bauhaus Eorpach Nua a spreagadh faoi chláir beartais comhtháthaithe 2021–2027;

- An t**sraith fothaithe acmhainneachta den Tionscnamh Uirbeach Eorpach**, lena dtacaítear le cathracha agus le húdaráis bhainistíochta araon chun luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a phríomhshruthú laistigh de straitéisí forbartha uirbí inbhuanaithe;
- An ghníomhaíocht 'Rannchuidiú le cur chun feidhme Shaoráid Bauhaus Eorpach Nua le tacaíocht ó T&N Bauhaus Eorpach Nua de chuid **Fís Eorpach** agus ó Phointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua'[42];
- **Lárionad Inniúlachta an Aontais maidir le Daonlathas Rannpháirtíochta agus Dioscúrsach**[43] agus a líonra gaolmhar d'ionaid tagartha náisiúnta.

4. LEAS A BHAINT AS CUMHACHT CHLAOCHLAITHEACH AN OIDEACHAIS, NA N-EALAÍON AGUS AN CHULTÚIR LE HAGHAIDH AN AISTRITHE I DTREO FUINNEAMH GLAN

Moltar go ndéanfadh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) **Rannpháirtíocht chultúrtha agus rannchuidiú ealaíontóirí, gairmithe cruthaitheacha agus turgnaimh faoi stiúir an chultúir a aithint agus tacú leo** mar spreagadh don nuálaíocht, don fhorbairt áitiúil agus don smaointeoireacht as an nua chun an t-aistriú i dtreo fuinneamh glan a chur chun cinn (i gcomhréir leis an g**Compás Cultúir don Eoraip**), agus deiseanna Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn ar bhealach níos fearr i measc earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta;

(b) Tacú leis an togra ón gCoimisiún **Príomhchathracha Cultúir na hEorpa a neartú** sa chaoi go gcruthaítear sineirgí le luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua. Na gealltanais ó **Dhearbhú Davos** 2018, '*Towards a high-quality Baukultur for Europe*' [I dtreo *Baukultur* ardcháilíochta don Eoraip][44], a chur chun feidhme go hiomlán chun gnéithe cultúrtha an chaomhnaithe, na pleanála agus na tógála a leabú i straitéisí náisiúnta ábhartha. Obair leantach a dhéanamh ar chonclúidí 2021 ón gComhairle i leith 'an cultúr, an ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta a bheith ina bpríomhghnéithe de thionscnamh Bauhaus Eorpach Nua' trí **luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a chomhtháthú i mbeartais náisiúnta lena rialaítear an ailtireacht** agus an timpeallacht thógtha;

(c) **Eolas agus scileanna traidisiúnta sa cheardaíocht a chothú agus, i gcás inar gá, a aisghabháil**, go háirithe maidir le luach a chur ar fhoirgnimh oidhreachta cultúrtha, agus nuálaíochtaí a spreagadh lenar féidir teicneolaíochtaí san am a chuaigh thart agus sa lá atá inniu ann a nascadh agus earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a rannpháirtiú;

(d) **Bealach Bauhaus Eorpach Nua** a chur chun cinn **laistigh de DiscoverEU**;

(e) Tacú le **cláir oideachais agus curaclaim lena leabaítear luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua** i scoileanna agus in institiúidí ardoideachais.

---

42 Clár Oibre 'príomha' Fís Eorpach 2026–2027, Iarscríbhinn 13 – Saoráid Bauhaus Eorpach Nua.

43 Lárionad Inniúlachta an Aontais maidir le Daonlathas Rannpháirtíochta agus Dioscúrsach

44 Féach https://davosdeclaration2018.ch/en/

5. FEABHAS A CHUR AR EOLAS, ACMHAINNEACHTAÍ NUÁLAÍOCHTA AGUS SCILEANNA TRÍ UIRLISÍ AGUS TIONSCNAIMH ACADAMH BAUHAUS EORPACH NUA

Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) **Glacadh eolais, uirlisí nuálaíochta agus clár oideachais agus oiliúna a forbraíodh trí Acadamh Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn agus a éascú** chun tacú leis an aistriú chuig éiceachóras tógála inbhuanaithe agus réitigh ghlana, chomh maith le Moil Acadamh Bauhaus Eorpach Nua nua a chur i bhfeidhm agus na moil atá ann cheana a leathnú, d'fhonn láithreacht mol a fhorbairt i ngach Ballstát;

(b) **Comhar taighde Bauhaus Eorpach Nua** a chur chun cinn **i measc mic léinn i réimsí éagsúla atá ábhartha maidir leis na timpeallachtaí tógtha agus nádúrtha, lena n-áirítear an ailtireacht, an innealtóireacht agus an phleanáil**.

(c) Tacú leis an gCoimisiún **tionscadail Bauhaus Eorpach Nua a mhapáil arna gcur chun feidhme trí ionstraimí cistiúcháin náisiúnta nó réigiúnacha éagsúla de chuid an Aontais**, - lena n-áirítear iad siúd atá faoi bhainistíocht chomhroinnte - agus dea-chleachtais a chomhroinnt agus tacú leis an gCoimisiún **príomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt** chun tionchar claochlaitheach thionscadail Bauhaus Eorpach Nua agus a dtairbhí don fhás inbhuanaithe agus don rathúnas a thomhas agus iad a chomhtháthú, i gcás inarb ábhartha, ina mbeartais agus ina ngníomhaíochtaí;

(d) Luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a chomhtháthú i bhforbairt agus i gcur chun feidhme na **straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha** lena dtugtar aghaidh ar bhearnaí scileanna, agus sna Comhpháirtíochtaí Scileanna Mórscála agus Réigiúnacha faoin gComhshocrú um Scileanna, go háirithe an Chomhpháirtíocht Tógála ar Mórscála;

(e) Tacú le **gairmoideachas agus gairmoiliúint atá ábhartha maidir le Bauhaus Eorpach Nua** agus iad a chur chun cinn, **chomh maith le cláir athscilithe agus uas-scilithe**, go háirithe iad siúd a forbraíodh tríd an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht agus trí Erasmus+;

6. FEASACHT AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT A MHÚSCAILT MAIDIR LE BAUHAUS EORPACH NUA AGUS A PHOBAL

Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Tacú le tionscadail a gheobhaidh **Lipéad Bauhaus Eorpach Nua**, tionscadail a bheidh le forbairt agus le píolótú ag an gCoimisiún Eorpach, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt dóibh trí sheirbhísí comhairleacha, trí infheictheacht a sholáthar agus rochtain ar chistiú a éascú, agus trí Lipéad Bauhaus Eorpach Nua a aithint mar chritéar cáilíochta laistigh de chláir agus glaonna cistiúcháin;

(b) Tacú leis an gCoimisiún maidir lena iarrachtaí **Pobal Bauhaus Eorpach Nua a mhéadú agus a éagsúlú** agus dul i dteagmháil le comhaltaí a dtíre de Phobal Bauhaus Eorpach Nua chun a **riachtanais agus a dtograí a thuiscint agus chun tacú leo**, sineirgí a chruthú, lena n-áirítear sineirgí le gníomhaíochtaí ábhartha náisiúnta agus réigiúnacha, agus trí **fheasacht a mhúscailt freisin maidir le tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua** agus na deiseanna a bhaineann leis don saol acadúil, do ghairmithe, don earnáil tionsclaíochta, don tsochaí shibhialta agus d'údaráis phoiblí;

(c) **I gcás inar féidir, duaiseanna náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua a fhorbairt,** nó catagóirí Bauhaus Eorpach Nua i nduaiseanna náisiúnta ábhartha a fhorbairt i sineirgíocht le Duaiseanna Bauhaus Eorpach Nua an Aontais;

(d) Feasacht a mhéadú agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha sna Ballstáit a spreagadh i bh**Féile Bauhaus Eorpach Nua** dhébhliantúil agus a áirithiú go n-eagrófar **imeachtaí satailíte náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla i ngach Ballstát**.

7. FEABHAS A CHUR AR ROCHTAIN AR CHISTIÚ AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ

Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) **Leas a bhaint as na deiseanna cistiúcháin a chuireann Saoráid Bauhaus Eorpach Nua ar fáil** dá comhpháirteanna T&N agus rolladh amach araon, trí fheasacht a mhéadú i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha agus na dtairbhithe féideartha uile, agus tacú leo a bheith rannpháirteach agus aiseolas a sholáthar don Choimisiún maidir le conas feabhas a chur uirthi. Cistiú a áirithiú san fhadtéarma, lena n-áirítear cistiú laistigh den chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile;

(b) **Na gealltanais a chomhlíonadh chun Bauhaus Eorpach Nua a chur chun feidhme i gcláir beartais comhtháthaithe**, trí ghlaonna nithiúla a sheoladh chun Bauhaus Eorpach Nua a chur chun feidhme i réimsí beartais ábhartha de réir an athbhreithnithe mheántéarma a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí infheistíocht phríobháideach a uasmhéadú trí ionstraim airgeadais shamhail forbartha críochaí Bauhaus Eorpach Nua; leas a bhaint as clár beartais comhtháthaithe, go háirithe chun **Tionscadal Suaitheanta Bauhaus Eorpach Nua amháin a fhorbairt i ngach Ballstát**;

8. RIALACHAS IL-LEIBHÉIL ÉIFEACHTACH BAUHAUS EORPACH NUA AGUS RÓL LÁRNACH PHOINTÍ TEAGMHÁLA NÁISIÚNTA BAUHAUS EORPACH NUA A ÁIRITHIÚ

Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) **Ról lárnach comhordúcháin Phointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua** i rialachas Bauhaus Eorpach Nua ar an leibhéal náisiúnta a aithint agus a chur chun cinn, chomh maith le tacú lena n-acmhainneacht, i sineirgíocht freisin le Comhghuaillíocht Tithíochta an Aontais atá ar na bacáin, chun comhleanúnachas agus comhtháthú chur chuige Bauhaus Eorpach Nua a áirithiú. An sainmhíniú ar na príomhchúraimí do Pointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua a shoiléiriú in éineacht leis an gCoimisiún agus róil thírshonracha bhreise a shainiú más gá. Cruinniú a óstáil idir Pointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua le linn gach Uachtaránachta ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh i gcomhthráth le cruinnithe ábhartha;

(b) **Rialachas trasearnála agus il-leibhéil** a áirithiú **do Bauhaus Eorpach Nua ar an leibhéal náisiúnta**, bunaithe ar dhea-chleachtais atá ann cheana, trí luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua **a chomhordú agus a phríomhshruthú** i bpleanáil agus i gcur chun feidhme tionscnamh cistiúcháin agus beartais atá ábhartha maidir le Bauhaus Eorpach Nua. **Comhordú agus comhoibriú a éascú idir Pointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua agus líonraí ábhartha eile**, go háirithe Pointí Teagmhála Náisiúnta T&N Bauhaus Eorpach Nua de chuid Fís Eorpach agus údaráis bhainistíochta don bheartas comhtháthaithe;

(c) **Cur chuige agus uirlisí Bauhaus Eorpach Nua** a chur chun cinn **ina malartuithe idirnáisiúnta ábhartha** le tríú tíortha. Tacú go háirithe le h**atógáil inbhuanaithe agus chuimsitheach na hÚcráine** trí threoirthionscadail agus léiritheoirí - mar shampla, le haghaidh scoileanna, spásanna poiblí, cosaint na hoidhreachta cultúrtha agus an atógáil chiorclach - cruthú agus malartú eolais, chomh maith le Mol Acadamh Bauhaus Eorpach Nua atá ar na bacáin san Úcráin a chomhdhlúthú mar lárionad inniúlachta agus tacaíochta do pháirtithe leasmhara agus d'údaráis áitiúla le haghaidh fothú acmhainneachta agus comhroinnt réiteach nuálach inmhacasamhlaithe.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán